Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

# An Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht

## Scrúdú Iontrála Samplach

**Freagair gach ceist.**

**Treoracha:**

| | |
|---|---|
| ✓ | Tá cead úsáid a bhaint as leabhair, nótaí agus acmhainní téarmaíochta ar líne. |
| ✗ | Níl cead úsáid a bhaint as uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe (Trados, OmegaT, Wordfast, MemoQ, Memsource etc.) ná uirlisí meaisínaistriúcháin (Google Translate etc.).<br>Ní féidir cabhair a lorg ná a fháil ó aon duine eile. |

**Dearbhú:** Dearbhaím leis seo gur liom féin, agus liom féin amháin, an saothar seo, agus nach bhfuil aon bhradaíl déanta agam ar shaothar aon duine eile.

Síniú[1]: ____________________________________ Dáta: ___________________

[1] Glacfar le d'ainm clóscríofa mar shíniú.

**Ceist 1 (a) (20 marc)**
*Aistrigh go Gaeilge an sliocht seo thíos ó fhoilseachán de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo.*

**COME VISIT**

Mayo's Atlantic coastline is a playground for those with an adventurous spirit, offering world-class deep-sea fishing, kite surfing, coasteering, kayaking, walking, cycling and many beautiful Blue Flag beaches. Mayo really is the Ireland of your imagination, a beautiful and inspiring county. Be amazed at our breathtaking landscapes and panoramic countryside. Discover the spectacular scenery of the many lakes, explore the green and peaceful valleys, walk along our pilgrimage trails and explore some of our mountain tops such as the iconic Croagh Patrick.

**Ceist 1 (b) (20 marc)**
*Cuir Gaeilge ar gach ceann de na habairtí thíos.*

1. We're Hiring! Be part of our winning team.
2. He never even liked football, but now that the team is in the final he's jumping on the bandwagon.
3. Mairéad let the cat the out of the bag and told Séamas about the surprise party.
4. Study at Maynooth University to realise your full potential.
5. The company's annual report will be published on the department's website before the end of October.

**Ceist 2 (20 marc):**

***Aimsigh agus ceartaigh na botúin** sa sliocht seo thíos.*

*Bain úsáid as '**track changes', dath, cló trom nó a leithéid** chun na botúin a cheartú.*

*Tá **11 bhotún** sa sliocht: ceann amháin atá ceartaithe mar shampla agus **10 mbotún eile** atá fós le ceartú.*

Tá sé deimhnithe ag comhlacht a bhfuil saotharlanna aige i nGaeltacht (1) ~~Dún~~Dhún na nGall nach mbeidh tástálacha don choróinvíreas á dhíol aige ar an margadh príobháideach feasta. Bhí tástáil don ghalar á dhíol ag an gcomhlacht, atá á mhaoiniú ag Údarás na Gaeltachta, ar an margadh príobháideach le roinnt seachtainí anuas. Rinne na húdaráis sláinte, ó thuaidh agus ó dheas, cáineadh láidir ar chomhlachtaí as praghsanna arda a ghearradh ar thástálacha agus ar earraí eile atá éileamh mór orthu de bharr ghéarchéim an choróinvíris. Dúirt urlabhraí ón gcomhlacht nach raibh aon tástáil don choróinvíreas ar fáil roimh a thosaigh an ráig seo, ach go raibh siad ag obair go dian ó thús na bliana chun an tástáil a chuir ar fáil.  Dúradh go raibh praghas €130 nó €220 ar thástáil aonair a ordaíonn duine chun é féin a thástáil, ach dúradh nach bhfuil sé sin an praghas a íocann saotharlanna poiblí sláinte.  Rinne an comhlacht cinneadh an tseachtain seo caite gan na tástálacha a dhíol leis an bpobal as seo amach. Dúirt an comhlacht go bhfuil an tslí is éifeachtaí chun déileáil le ráig an choróinvíris ná tacaíocht a thabhairt do bheartais an rialtas. Tá an comhlacht seo ceann de na cliantchomhlachtaí is mó atá ag Údarás na Gaeltachta agus tá sé an comhlacht is mó a chuireann fostaíocht ar fáil i nGaeltacht Dhún na nGall.

**Ceist 3 (a) (10 marc)**
*Léigh na habairtí seo a leanas agus na haistriúcháin a ghabhann leo. Cuir tic leis an leagan Gaeilge a shíleann tú a bheith ceart ó thaobh na gramadaí de.*

**1. What price are the large bottles of wine?**

a) Cén praghas atá ar na buidéil mhóra fíona? ☐
b) Cén praghas atá ar na buidéil móra fíona? ☐
c) Cén praghas atá ar na buidéil mhóra fhíona? ☐

**2. I went on holidays towards the end of the summer.**

a) Chuaigh mé ar laethanta saoire i dtreo deireadh an tsamhraidh. ☐
b) Chuaigh mé ar laethanta saoire i dtreo deiridh an tsamhraidh. ☐
c) Chuaigh mé ar laethanta saoire i dtreo dheireadh an tsamhraidh. ☐

**3. I don't know if they will buy them or not.**

a) Níl a fhios agam cé acu a cheannóidh siad iad nó nach gceannóidh. ☐
b) Níl a fhios agam cé acu a gceannóidh siad iad nó nach gceannóidh. ☐
c) Níl a fhios agam cé acu an gceannóidh siad iad nó nach gceannóidh. ☐

**4. What games are they playing?**

a) Cad iad na cluichí atá siad ag imirt? ☐
b) Cad iad na cluichí atá siad a imirt? ☐
c) Cad iad na cluichí atá siad á n-imirt? ☐

**5. They are fairly dangerous conditions.**

a) Dálaí sách contúirteach is ea iad. ☐
b) Dálaí sách contúirteacha is ea iad. ☐
c) Dálaí sách chontúirteacha is ea iad. ☐

**Ceist 3 (b) (10 marc)**

*Cuir ceangal coibhneasta idir na míreanna seo thíos. Mar shampla:*
Sin í an scoil. + Tá mo bhean ag obair inti. = *Sin í an scoil **a bhfuil** mo bhean ag obair inti.*

| | |
|---|---|
| 1. Níl a fhios agam cén áit. | Tharla an timpiste. |
| 2. Is cuimhin liom an lá. | Chuala mé an t-amhrán sin den chéad uair. |
| 3. Cén chaoi. | Téann tú ansin. |
| 4. Sin é an buachaill. | Téann sé ar scoil le mo mhac. |
| 5. Tá sonraí eile ar fáil. | Níorbh eol dúinn iad ag an am. |

**Ceist 4 (20 marc)**

*Líon na bearnaí sa téacs seo tríd an leagan ceart den fhocal a roghnú ón liosta thíos faoi.*
***Is leor an litir chuí a scríobh i ngach freagra.***

Bhí clú ar Éirinn riamh ó thaobh na __________[1] de agus is liosta le háireamh na ceoltóirí agus na scríbhneoirí a bhfuil clú idirnáisiúnta bainte amach acu. Is é an trua nach mbíonn clú mar an gcéanna orthu siúd a chuaigh i mbun an taighde __________[2] in ollscoileanna sa tír seo agus i dtíortha thar lear. Is ar éigean a bheadh an gnáthdhuine in ann cúigear údar __________[3] a ainmniú a bhíonn ag scríobh ar chúrsaí eolaíochta.

Admhaím go raibh mise chomh haineolach céanna, go dtí le déanaí. Ba é an Béarla mo rogha __________[4] agus mé ar scoil. Níor thaitin an múinteoir eolaíochta liom agus ní raibh an tsaotharlann scoile thar mholadh beirte. An __________[5] bharr sin nár chuir mé spéis sna heolaíochtaí? B'fhéidir go raibh mé ag smaoineamh ar an ollscoil cheana féin. Is maith a bhí a fhios agam nárbh fhiú dom bheith ag iarraidh __________[6] a bhaint amach i gceann ar bith de na heolaíochtaí.

Chuir mé seirbhís __________[7] ar bun i ndiaidh dom an ollscoil a fhágáil. Is le lucht gnó is mó a bhínn ag plé ach rinne mé na socruithe taistil le haghaidh roinnt comhdhálacha acadúla chomh maith. Tháinig cuid de na heolaithe __________[8] iomráití san am go dtí na comhdhálacha sin agus níor aithin mé ar chor ar bith iad. Is anois, agus mé ar __________[9], atá deis staidéir agam. Is breá liom na húdair sin atá in ann coincheapa casta a mhíniú go simplí. Bíonn stíl __________[10] i gcuid de na leabhair nach dtaitníonn liom ar chor ar bith.

| | **a** | **b** | **c** | **Freagra** |
|---|---|---|---|---|
| 1. | healaíona | n-ealaíona | n-ealaíon | |
| 2. | eolaíoch | eolaíche | eolaíocha | |
| 3. | Éireannach | Éireannacha | Éireannaigh | |
| 4. | hábhar | ábhar | ábhair | |
| 5. | do | de | dá | |
| 6. | céime | céim | chéim | |
| 7. | taistil | thaistil | taisteal | |
| 8. | is | ab | ba | |
| 9. | pinsean | phinsean | phinsin | |
| 10. | saothraithe | saothruithe | shaothraithe | |